C/2026/1841

1.4.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/1841)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Madiran’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0687-AM04 — 8.1.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Madiran’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **An tÚdarás náisiúnta atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an TGFC 'Madiran' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; Go sonrach:

(a) níl athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach i gceist leis;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla

Tuairisc

Tugadh na bardais sa limistéar geografach cothrom le dáta i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2025. Ní athraíonn an leasú sin limistéar geografach an ainmniúcháin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cineálacha fíniúna

Tuairisc

Chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun éagsúlacht ghéiniteach a chaomhnú, cuireadh Manseng N isteach mar chineál tánaisteach. Is cineál áitiúil é san Iardheisceart, ina bhfuil saintréithe agranamaíocha agus fíoneolaíocha a chomhlíonann ionchais shochaíocha agus a chuireann le gnáth-shaintréithe an táirge.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cionmhaireacht na gcineálacha fíniúna atá le cur

Tuairisc

De réir mar a forbraíodh an tsonraíocht táirge, tháinig méadú ar thábhacht chineál Tannat N, a bhain cion 80 % amach in 2008. Tháinig deireadh leis an mbeart idirthréimhseach chun a chur ar a gcumas d'fhíonghoirt neamhchomhlíontacha oiriúnú in 2022, rud a d'fhág go ndearnadh limistéir áirithe a íosghrádú go TGFC nó 'Vin de France'.

Is marcóir aitheantais láidir d'fhíonta ATFC Madiran é Tannat. Féadfaidh an cion Tannat a bheith suas le 100 % anois, agus is gá 60 % ar a laghad a bheith sa chumasc.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Buaint

Tuairisc

Is mian le grúpa táirgeoirí an ainmniúcháin deireadh a chur leis an gceanglas maidir le forógra buainte chun bainistíocht riaracháin a shimpliú, agus seiceáil á coinneáil ar bun an tráth céanna ar aibíocht na bhfíonchaor.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tairseach le haghaidh limistéir neamhshaothraithe

Tuairisc

Tá méadú tagtha ar an gcéatadán ceadaithe de phlandaí marbha nó plandaí ar iarraidh ó 15 % go 20 %, mar gheall ar thionchar iosca ar fhíonchaora Cabernet agus chun coinníollacha táirgthe a chomhchuibhiú leis an tsonraíocht táirge le haghaidh ATFC Béarn (limistéir gheografacha fhorluiteacha). Léiríodh i staidéar a rinneadh ar 40 táirgeoir an ainmniúcháin go sáraíonn 17 % díobh ráta mortlaíochta 20 % cheana féin, cé go bhfuil 22 % go 25 % ag ráta mortlaíochta idir 15 % agus 20 %.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cleachtais saothraithe eile

Tuairisc

Cuireadh trí fhoráil agra-chomhshaoil leis an tsonraíocht. Is é is aidhm dóibh feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an ainmniúcháin i bhfianaise an athraithe aeráide agus ionchais arda na sochaí.

— Toirmisctear srianadh ceimiceach fiailí ar chinnfhearainn.

— Toirmisctear srianadh ceimiceach fiaile iomlán a dhéanamh ar na dáileachtaí talún.

— Idir na sraitheanna, déantar fásra a tharlaíonn go nádúrtha agus/nó a phlandaítear a bhainistiú trí mhodhanna fisiceacha nó meicniúla.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Trealamh buainte agus fíonóireachta

Tuairisc

Baineadh an toirmeasc ar úsáid leantóirí coimeádán atá feistithe le caidéil eite agus an toirmeasc ar fháisceáin leanúnacha, ós rud é nach bhfuil trealamh den sórt sin ag aon oibreoir agus nár sainaithníodh aon easnamh maidir leis na forálacha sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Fíniúnacha a chuirtear ar léibhinn

Tuairisc

I gcás fíniúnacha a chuirtear ar léibhinn, sonraíodh dáta na plandála ionas go gcomhfhreagraíonn sé do dháta foilsithe na foraithne lena bhformheastar an fhoráil sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Rialacha maidir le cumasc

Tuairisc

I gcomhréir leis an dá iarratas roimhe seo, leasaíodh na rialacha maidir le cumasc chun cionmhaireacht na gcineálacha tánaisteacha a theorannú go 40 %, rud a mhéadaigh cionmhaireacht na bpríomhchineálacha, go háirithe Tannat, go 60 % ar a laghad den chumasc.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Caighdeáin anailíseacha

Tuairisc

Cuireadh déine datha (OD 420 + OD 520) in ionad déine datha mhodhnaithe (OD 420 + OD 520 + OD 620). Tá déine datha (Abs 420 nm + Abs 520 nm, arna tomhas le speictreafótaiméadracht) níos mó ná 6 nó cothrom leis ag na fíonta. Meastar go bhfuil an déine datha mhodhnaithe éagobhsaí le himeacht ama agus neamhoiriúnach don ainmniúchán sin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Toilleadh fíonlainne

Tuairisc

Chun cleachtais a chomhchuibhiú agus seiceálacha a shimpliú, molann grúpa táirgeoirí an ainmniúcháin acmhainneacht fíonlainne a ríomh ar bhonn buaint aonair trí chomhéifeacht 1,5 a chur i bhfeidhm chun oiriúnú níos fearr d'aeráid atá ag athrú. Cuirtear an modh áirimh nua sin in ionad an mhodha áirimh sin atá bunaithe ar 2,5 oiread mheán na 3 bliana fíona deireanacha.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Forálacha de réir cineáil táirge

Tuairisc

Chun aghaidh a thabhairt ar an easpa spáis stórála, theastaigh ón ngrúpa an t-am aosaithe a ghiorrú. Chun an t-am aosaithe níos giorra a chúiteamh, tugadh isteach coinníollacha nua: Tar éis an chéad trasdoirteadh tar éis coipeadh malalachtach críochnaithe agus chun go mbogfaidh na tainniní, aosaítear na fíonta go dtí an 15 Aibreán ar a laghad den bhliain tar éis na buainte. Aosaítear na fíonta i gcoimeádán ina bhfuil toirt níos mó ná 100 lítear. Ní fhéadfar an t-aosú a dhéanamh i gcoimeádáin ghloine.

Leis na leasuithe sin, soláthraítear níos mó solúbthachta d'oibreoirí agus gnáthphróifíl na bhfíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán 'Madiran' á coinneáil ar bun an tráth céanna.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Forálacha maidir le pacáistiú

Tuairisc

Ní mór anailís a dhéanamh anois roimh phacáistiú chun comhréireacht baisceanna réamhtheachtacha a áirithiú. Thairis sin, ní mór tuarascálacha anailíse a choinneáil anois ar feadh 24 mhí seachas 6 mhí.

I gcomhréir leis an am aosaithe giorraithe (15 Aibreán seachas 15 Deireadh Fómhair), cuirtear na fíonta ar an margadh an 1 Bealtaine seachas an 1 Samhain den bhliain tar éis na buainte.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Plean ginearálta na háite ina stóráiltear fíonta

Tuairisc

Bogadh an oibleagáid plean ginearálta a tharraingt suas maidir leis an áit ina stóráiltear fíonta chuig an roinn maidir le coimeád taifead, chun inrianaitheacht a choinneáil ar bun i gcás seiceálacha.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Nasc leis an limistéar geografach

Tuairisc

Modhnaíodh beagán an roinn maidir leis an nasc leis an limistéar geografach chun soiléireacht níos fearr a sholáthar agus chun stór focal níos beaichte a úsáid maidir le pointí áirithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Bearta idirthréimhseacha

Tuairisc

Tá na bearta idirthréimhseacha a bhaineann leis an limistéar dáileachta talún críochaithe agus leis na cineálacha fíniúna dulta in éag agus scriosadh ón tsonraíocht táirge iad.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais maidir le dearbhú

Tuairisc

Scriosadh athnuachan intuigthe an réamhdhearbhaithe maidir le sannadh dáileachtaí talún, ós rud é go bhfuil riosca earráide nó easnaimh ag baint le hathruithe bliantúla ar dháileachtaí talún.

Níl aon tionchar oibríochtúil ag an athrú sin, ós rud é nach n-úsáideann aon oibreoir an rogha sin faoi láthair.

Ceanglaítear an dearbhú pacáistíochta anois ar lá na hoibríochta pacáistíochta ar a dhéanaí. Thairis sin, scriosadh an díolúine dá bhforáiltear d'oibreoirí a dhéanann níos mó ná 12 oibríocht pacáistíochta.

Is é is aidhm do na forbairtí sin feabhas a chur ar chruinneas na dtoirteanna tuairiscithe agus oibleagáidí idir oibreoirí a chomhchuibhiú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tagairtí

Tuairisc

Tugadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (*Institut national de la qualité et de l'origine*, an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta) cothrom le dáta.

Leasaíodh na socruithe maidir le comhlíonadh na sonraíochta táirge a sheiceáil.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Na príomhphointí le haghaidh modhanna seiceála agus meastóireachta

Tuairisc

Tugadh an tábla cothrom le dáta chun leasuithe a rinneadh roimhe seo a léiriú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

‘Madiran’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0687-AM04 — 8.1.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Madiran’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Táirge fíniúna

Fíonta socra dearga

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Is fíonta socra dearga iad fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ‘Madiran’ acu a dhéantar go príomha as cineál Tannat N.

Dea-bholadh

Tá próifíl aramatach na bhfíonta, a mbíonn mionbholaithe torthaí dearga agus dubha le brath uirthi go minic, úr agus torthaíoch. Déantar dea-bholaithe casta torthaí criostalaithe agus spíosraí díobh de ghnáth.

Blas

Is fíonta tirime socra dearga iad na fíonta sin a tháirgtear den chuid is mó trí úsáid a bhaint as an gcineál Tannat N, a bhfuil gaol aige le Cabernet Franc N, Cabernet Sauvignon N agus Fer N. Fágann na cleachtais fhíoneolaíocha a úsáidtear agus na hamanna fáis go mbíonn am ag na tainniní maolú, rud a fhágann gur féidir fíonta a fháil a bhfuil struchtúr breá cothrom i gceist leo. Mar gheall ar a struchtúr, bíonn na fíonta an-oiriúnach lena n-aosú. Sa bhéal, comhcheanglaíonn siad maothlachas agus saibhreas, ach bíonn iarbhlas úr orthu i gcónaí.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	14
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Baineann na saintréithe seo a leanas leis na fíonta:

— neart alcóil nádúrtha íosta 11,5 % de réir toirte;

— neart alcóil iomlán uasta 14 % de réir toirte tar éis saibhriú;

— cion aigéid mhalaigh ≤ 0,4 g/l;

— méid siúcra choipthigh ≤ 3 g/l más é < 14 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte;

— méid siúcra choipthigh ≤ 4 g/l más é < 14 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte;

— déine mhodhnaithe datha (OD 420 nm + OD 520 nm, arna tomhas le speictreafótaiméadracht) atá níos mó ná 6 nó cothrom le 6 i ndeireadh na tréimhse aosaithe.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

Cleachtais fhíoneolaíocha

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

— Tá díghasú na buainte sainordaitheachach.

— Ceadaítear teicnící laghdúcháin saibhrithe suas go ráta tiúchana 10 %.

— Tar éis saibhriú, ní bhíonn neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta dearga níos mó ná 14 %. De bhreis ar na forálacha thuas, ní mór do na na cleachtais fhíoneolaíocha a bhaineann leis na fíonta seo na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí a chomhlíonadh.

Cleachtas fíoneolaíoch

Dlús plandaithe

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir an dlús plandaithe íosta. Ní mór nach mó ná 2,50 méadar an spásáil idir na sraitheanna fíniúnacha. Ní mó 0,80 méadar a laghad a bheith sa spásáil idir plandaí in aon sraith amháin.

Cleachtas fíoneolaíoch

Prúnáil fíniúnacha

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

Déantar prúnáil spoir ar na fíniúnacha (trí úsáid a bhaint as an gcóras 'Cordon de Royat') nó trí úsáid a bhaint as córas Guyot singil nó dúbailte, agus 15 bhachlóg ar a mhéad i gceist in aghaidh an phlanda. Tá an líon craobhacha ar a mbíonn torthaí in aghaidh an phlanda sa bhliain tar éis bláthaithe (céim fáis fheineolaíoch Lorenz 23) níos lú ná nó cothrom le: - 10 i gcás an chineáil Tannat N; - 12 i gcás na gcineálacha coimhdeacha.

Cleachtas fíoneolaíoch

Uisciú

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

Féadfar uisciú a údarú.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon/catagóir/cineál/cineál

Fíonta socra dearga

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	60
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Cabernet Franc N

— Cabernet Sauvignon N

— Fer N

— Fer Servadou, Braucol, Mansois, Pinenc

— Manseng noir N

— Tannat N

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach críochaithe**

1- *Limistéar geografach*

Baintear na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta sa limistéar geografach lena gcuimsítear, arb éard atá ann, ar dháta formheasa na sonraíochta seo ag an gcoiste náisiúnta inniúil, críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2025:

— Roinn Gers:

Bardais a áirítear ina n-iomláine: Maumusson-Laguian agus Viella.

Is iad a leanas na bardais a áirítear go pointe áirithe: Riscle (críoch bhardas tarmligthe Cannet amháin).

— Roinn Hautes-Pyrénées: Castelnau-Rivière-Basse, Hagedet, Lascazères, Madiran, Saint-Lanne agus Soublecause.

— Roinn Pyrénées-Atlantiques: Arricau-Bordes, Arrosès, Aubous, Aurions-Idernes, Aydie, Bétracq, Burosse-Mendousse, Cadillon, Castetpugon, Castillon (cantún Lembeye), Conchez-de-Béarn, Corbère-Abères, Crouseilles, Diusse, Escurès, Gayon, Lasserre, Lembeye, Mascaraàs-Haron, Moncaup, Moncla, Monpezat, Mont-Disse, Portet, Saint-Jean-Poudge, Séméacq-Blachon, Tadousse-Ussau agus Vialer.

2- *Limistéar dáileachta talún críochaithe*

Ní mór na fíonta a dhéanamh as fíonchaora a fhástar ar dháileachtaí talún atá lonnaithe sa limistéar táirgeachta arna bhformheas ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag cruinnithe an choiste náisiúnta ábhartha an 6 Márta 1997, an 8 agus an 9 Samhain 2006, an 3 Bealtaine 2017 agus an 29 agus an 30 Meitheamh 2023.

Cuireann an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta na léarscáileanna lena mbunaítear teorainneacha dháileachtaí talún an limistéir táirgeachta arna bhformheas amhlaidh faoi bhráid hallaí baile na mbardas atá liostaithe i mír 1. Cuireann an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta na léarscáileanna lena mbunaítear teorainneacha dháileachtaí talún an limistéir táirgeachta arna bhformheas amhlaidh faoi bhráid hallaí baile na mbardas atá liostaithe i mír 1.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Tá an limistéar geografach suite ó dheas agus siar ó Abhainn Adour, i mbunchnoic theas na bPiréiní. Cumhdaítear leis cuid de chnoic. Cumhdaíonn an limistéar geografach críoch 37 mbardas i dtrí roinn. Is aeráid atá measartha aonchineálach, séimh agus measartha tais atá ar fud an limistéir gheografaigh ar fad. I ndeireadh an tsamhraidh agus san fhómhar, is minic a bhíonn gaoth aneas Foehn te tirim. Tá iomairí Madirannais comhdhéanta go bunúsach de mholás atá déanta den chuid is mó ó mharlaí agus roinnt bainc aolchloiche. Sil-leagadh créanna gairbhéalacha ar bharr na sil-leagan moláis sin, agus ina dhiaidh sin sil-leagadh ciseal glárach de phúróga, atá le fáil sa lá atá inniu ann ar an suíomh is airde. Creimeadh na foirmíochtaí seo le linn na tréimhse Ceathartha, rud a d'fhág gur cruthaíodh na cúig iomaire atá scartha ag gleannta neamhshiméadracha: nochtar an sil-leagan moláis mar bhainc chailcreacha anseo agus ansiúd ar na fánaí géara a bhfuil a n-aghaidh siar. Tá na fánaí réidhe a bhfuil a n-aghaidh soir clúdaithe le sioltaí gaothshéidte a measc adh le sil-leagain fholuiteacha. Tá dhá phríomhchineál sna hithreacha gaolmhara: ithreacha cré-aolchloiche agus ithreacha láiste. Taispeántar i gcartlann Phrióireacht Madiran go raibh fíonghoirt ar fud an limistéir sin go luath sa 13ú haois. Bunaíodh trádáil le réigiún Bigorre agus leis na Piréiní chomh luath leis an 15ú céad. Le hoscailt an mhargaidh shonraigh sin le haghaidh fíonta dearga tiubhaithe agus tainneacha a bhfuil acmhainneacht mhaithe choimeádta acu, treoraíodh déantóirí fíona maidir leis na teicnící a roghnaigh siad. Tháinig an cineál Tannat N chun bheith ina chomhpháirt ríthábhachtach de na cumaisc a úsáidtear chun an táirge a fháil, rud is cúis le cáil chomh mór sin a thabhairt do Madiran. Léiríonn taifid ón 16ú haois agus ón 17ú haois a bhfuil nótaireacht déanta orthu gur saothraíodh na fíniúnacha fíona dheirg trí úsáid a bhaint as teicníc treoraithe

fíniúnacha a bhí cosúil leis an teicníc atá in úsáid sa lá atá inniu ann; an tráth sin, measadh gur ráthaíocht cháilíochta a bhí ann. Le linn an 17ú haois, osclaíodh margadh nua le haghaidh fíonta dearga ó réigiún Madiran: díoladh iad lena seoladh chuig Aintillí na Fraince agus lena dtomhailt ansin. Mar thoradh ar an dá mhargadh mhóra sin, na Piréiní agus na hAintillí, díríodh an táirgeadh ar fhíonta diandaite, tiubhaithe agus tainneacha a bhfuil acmhainneacht ard choimeádta acu. San 18ú haois agus sa 19ú haois, díoladh na fíonta dearga faoin ainm 'Madiran', ar téarma é a úsáideadh den chéad uair in 1744, agus bhain siad cáil mhór amach. Leathnaíodh fíonghoirt chun 5 000 ha a chumhdach faoi dheireadh an 18ú haois. Tugadh aitheantas do Madiran AOC le foraithne in 1948. Sa 20ú haois, tháinig laghdú mór ar limistéar na bhfíonghort. Ó bhí tús na 1980í ann, tá leathnú mall ach seasta tagtha ar an limistéar faoi fhíonghoirt chun an 300 ha atá ann faoi láthair a bhaint amach, agus an fíon á tháirgeadh ag fíonlanna agus ag comharchumainn aonair de réir méideanna comhionanna a bheag nó a mhór. Tá an cineál Tannat N bríomhar, aibíonn sé amach sa séasúr agus bíonn sé leochaileach i leith múscán liath, ach cuireann dálaí aeráide an limistéir ar a chumas dó aibíocht a bhaint amach gan aon deacracht. Cruthaíonn fánaí na leiceann cnoic dálaí topa-aeráide fabhracha, rud a fhágann gur féidir le farasbarr uisce báistí síothlú, agus, i gcás ina bhfuil aghaidh na bhfánaí dírithe go fabhrach, ina gcuirtear níos mó grianraithe agus teasa ar fáil, rud a chuidíonn le haibiú an fhíona sa bhliain lena mbaineann. I réigiún inar chruthaigh an raon forleathan ithreacha agus moirfeolaíochta tírdhreach paiste, chruthaigh daoine fíonghoirt atá neamhleanúnach, de riachtanas, agus tús áite á thabhairt do na dáileachtaí talún sin is oiriúnaí chun na fíonchaora a thabhairt chun aibíochta i ndálaí sláintiúla. Sainítear dáileachtaí talún den chineál sin leis an limistéar táirgeachta dáileachta talún (ar fhánaí a bhfuil a n-aghaidh dírithe go fabhrach agus ina bhfuil ithreacha a mbíonn draenáil mhaith i gceist leo de ghnáth agus a bhíonn clochach go minic). Tá máistreacht theicniúil faighte ag na táirgeoirí ar bhainistíocht agus ar bharrfheabhsú acmhainneacht thainneach a bhfíniúnacha: díríonn siad ar aibíocht fheanólach a bhaint amach ina bhfíonchaora agus cuireann siad an próiseas trína gcuirtear in umair iad in oiriúint do cháilíocht agus do chainníocht na dtainniní. Déanann siad a bhfíonta a chumasc agus a aosú arb é is aidhm dó acmhainneacht choimeádta agus dea-bholaithe torthaíocha na bhfíonchaor a chaomhnú. Tá cáil fhíonta Madiran - as bheith struchtúrtha, tainneach agus láidir - fós ann sa lá atá inniu ann. Tá méadú agus leathnú mór tagtha ar a gcáil ó bhí tús an 20ú haois ann agus go háirithe ó bhí na 1980í ann, a bhuí le hiarrachtaí na ndéantóirí fíona, ar éirigh leo fíonta a tháirgeadh a bhfuil tainniní iontu de chineál atá níos boige agus níos galánta, cé go bhfuil siad chomh hinbhraite agus a bhí roimhe seo.

Tháinig an cineál Tannat N chun bheith ina chomhpháirt ríthábhachtach de na cumaisc a úsáidtear chun an táirge a fháil, rud is cúis le cáil chomh mór sin a thabhairt do Madiran. Tá an cineál sin bríomhar, aibíonn sé go déanach agus bíonn sé leochaileach i leith múscán liath, ach cuireann dálaí aeráide an limistéir ar a chumas aibíocht a bhaint amach gan aon deacracht.

Tá máistreacht theicniúil faighte ag na táirgeoirí ar bhainistíocht agus ar bharrfheabhsú acmhainneacht thainneach a bhfíniúnacha: díríonn siad ar aibíocht fheanólach a bhaint amach ina bhfíonchaora agus cuireann siad an próiseas trína gcuirtear in umair iad in oiriúint do cháilíocht agus do chainníocht na dtainniní. Déanann siad a bhfíonta a chumasc agus a aosú arb é is aidhm dó acmhainneacht choimeádta agus dea-bholaithe torthaíocha na bhfíonchaor a chaomhnú.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Aonad geografach níos lú nó níos mó

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais / maolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Féadfaidh ainm aonaid gheografaigh níos lú a bheith ar lipéid fíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe, ar choinníoll: - gur ainm áite is ea é atá liostaithe i gclárlann na talún; - go mbíonn an t-ainm le feiceáil ar an dearbhú buainte. I gcás fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu, féadfar an t-aonad geografach níos leithne 'Sud-Ouest' a shonrú ar a lipéid.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais / maolaithe breise

Maoluithe a bhaineann le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Is éard atá sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú le maolú maidir le táirgeadh, forbairt agus aosú na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas de Roinn Gers: Labarthète, Riscle agus Saint-Mont.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an limistéar atá díreach in aice láimhe do limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe atá i gceist.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-394c9c74-735a-4ba0-a779-2e713e1a1801